| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | An Beartas um Dhínit agus um Mheas |
| **Cur Síos:** | Sa bheartas seo leagtar amach a chuid aidhmeanna agus a rún mar go leagtar amach ann freagrachtaí gach baill den champas ó thaobh páirt a ghlacadh i dtimpeallacht dhearfach agus thuisceanach a chruthú. |
| **Údar (Post):** | An Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir |
| **Leagan:** | 2 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# An Beartas um Dhínit agus um Mheas

## 1 Comhthéacs

1.1 Ceann de na treoirphrionsabail atá ag Institiúid Oideachais Marino (MIE) ná pobal foghlama a fhorbairt atá dírithe ar an duine, a bhfuil meas aige do dhifríochtaí aonair agus ar a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste. Dá bharr sin, tá MIE tiomanta chun timpeallacht a chinntiú a thacaíonn le feabhas ag an obair agus sa staidéar.

1.2 Dearbhaíonn MIE go bhfuil an ceart ag gach ball foirne agus mac léinn chun bheith ag obair agus i mbun staidéir i dtimpeallacht mheasúil, dhearfach agus shábháilte; Dearbhaíonn MIE freisin go bhfuil gach mac léinn agus ball foirne freagrach agus leibhéal ard de chúirtéis, dhínit, mheas, thuiscint agus íogaire i dtreo daoine eile a fhorbairt agus a choimeád agus iad ag foghlaim, ag obair agus ag bualadh le daoine eile.

1.3 Go háirithe, cothaíonn agus cuireann MIE chun cinn timpeallacht chomhghleacúil dá chuid ball foirne, mac léinn agus ball pobail eile atá saor ón mbulaíocht, ón gciapadh agus ón idirdhealú. Ní bhíonn éifeacht aige sin ar shaoirse acadúil, ar luachanna an fhiosrúcháin agus an phlé shaoir agus oscailte smaointe nó grinn.

## 2 Cuspóir

Sa bheartas seo um Dhínit agus Mheas féachtar chuig an méid seo a leanas a bhaint amach:

2.1 Sonrú go soiléir go mbíonn MIE ag súil go léireoidh mic léinn agus baill foirne dínit agus meas i dtreo gach duine;

2.2 Aird a tharraingt ar fhreagracht mac léinn agus ball foirne as timpeallacht a chur chun cinn ina léirítear meas ar an éagsúlacht;

2.3 Tacú le dea-chumarsáid i measc mac léinn agus ball foirne agus caighdeáin iompraíochta a shocrú atá inghlactha sa phobal;

2.4 Freagracht aonair gach duine a leagan amach maidir le heolas a chur ar an mbeartas agus é a chur i bhfeidhm;

2.5 Treoir a thabhairt do mhic léinn agus bhaill foirne faoi mhodhanna measúla le coimhlint agus easaontas a réiteach;

2.6 Mic léinn agus baill foirne a chumhachtú chun deacrachtaí idirphearsanta a réiteach ar a leibhéal féin;

2.7 Feasacht a ardú faoi bhulaíocht agus chiapadh a chosc;

2.8 Feasacht a ardú faoi éifeachtaí na bulaíochta agus an chiaptha ar dhaoine aonair agus ar an timpeallacht foghlama agus oibre;

2.9 Timpeallacht a chur chun cinn ina mothaíonn mic léinn agus baill foirne gur féidir leo gearáin faoin mbulaíocht a ardú[1] gan eagla a bheith orthu roimh íospairt;

2.10 Próisis a leagan amach chun déileáil le gearáin faoi bhulaíocht agus chiapadh a sheasann le ceart an ghearánaí agus an duine a bhfuil an líomhain á déanamh ina n-aghaidh.

## 3 Tairbhí

Sa bheartas seo leagtar amach a chuid aidhmeanna agus a rún mar go leagtar amach ann freagrachtaí gach baill den champas ó thaobh páirt a ghlacadh i dtimpeallacht dhearfach agus thuisceanach a chruthú. Freisin cuirtear i láthair ann na próisis atá ann um dhéileáil go híogair le haon deacrachtaí a thagann chun cinn. Áit a dtagann deacrachtaí chun cinn, bítear ag súil go n-oibreoidh gach páirtí i dtreo réitigh trína mbeifear in ann timpeallacht ghairmiúil oibre agus staidéir a choimeád.

## 4 Raon Feidhme

Baineann an beartas seo le hiompraíocht mhic léinn agus bhaill foirne MIE agus daoine eile i mbun ghnó MIE nó a ghabhann do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an Institiúid nó seirbhísí a chur ar fáil don Institiúid i ngach ionad agus suíomh, lena n-áirítear:

4.1 Campas na hInstitiúide

4.2 Campas aon institiúide nó áite eile ina mbíonn mic léinn nó baill foirne ina n-ionadaithe ar MIE, lena n-áirítear suíomhanna um shocrúchán oibre

[1]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

4.3 Ag imeachtaí mar ócáidí sóisialta, comhdhálacha, imeachtaí spóirt, turais allamuigh nó sannacháin oibre a bhaineann le MIE, nó le staidéar/obair duine, nó ag a bhfuil duine ina n-ionadaí ar MIE

4.4 I scríobh, ar an nguthán, trí ríomhphost, ar na meáin shóisialta nó ar aon chuid eile den idirlíon nó i ngníomhaíocht eile ar bith a bhaineann le MIE.

4.5 Beidh an beartas sin foilsithe go forleathan agus cuirfear mic léinn agus baill foirne ar an eolas faoina ábhar trí Moodle agus bhealaí eile. Cuirfear gach mac léinn agus ball foirne ar an eolas faoin mbeartas seo agus iad á n-ionduchtú.

## 5 Prionsabail

5.1 Cad iad atá na freagrachtaí atá ar bhaill de MIE?

5.1.1 Tá gach ball de phobal MIE freagrach as cinntiú go mbíonn timpeallacht ann ina gcosnaítear dínit agus meas a chuid ball. Tá sé chun leas gach duine iad féin a iompar go dearfach agus oibriú go héasca lena chéile. Tá sé sin ábhartha ach go háirithe áit a bhféadfadh go mbeadh tuiscintí éagsúla ar iompraíocht inghlactha i gceist de thoradh cúlraí difriúla. Is ábhartha freisin é áit a mbíonn eagothromaíocht cumhachta i gceist.

5.1.2 Is é atá in iompraíocht chuí ná iompraíocht lena n-aithnítear an ceart a bhíonn ag gach duine chun dínite agus lena leagtar dualgas measa orthu. Bítear ag súil go ngníomhóidh gach duine go tuisceanach, go híogair agus go measúil i dtreo daoine eile. Síntear an fhreagracht aonair sin go feasacht faoi thionchar féideartha na hiompraíochta pearsanta ar dhaoine eile agus faoin gcaoi a bhféadfadh sé goilleadh orthu nó mothú míshuaimhnis nó bagartha a chur orthu.

5.1.3 Níl na treoirlínte seo ceaptha chun gnáthspochadh gnaíúil idir comhghleacaithe agus páirtithe ranga a chosc. Is gá, áfach, gan dul rófhada agus bheith i mbun iompraíochta doghlactha atá gránna, ionsaitheach, bagrach, mailíseach nó maslach nó a d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an iompraíocht sin amhlaidh. I gcás ar bith, ba cheart go stadfaí den iompraíocht sin áit a dtabharfadh páirtithe ranga nó comhghleacaithe go bhfuil sí doghlactha.

5.1.4 Tá freagracht ar mhic léinn agus bhaill foirne freisin as cabhrú le déanamh cinnte nach leanann iompraíocht dhoghlactha gan í a chosc nó a thuairisciú. Tacóidh agus

cumhachtóidh an Institiúid gearánaithe ach go háirithe chun déileáil le gearáin [2] go neamhfhoirmiúil leis an duine a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an gníomh, nó trí cheist a chur ar a mbainisteoir/AD (le haghaidh ball foirne) nó a Stiúrthóir Cúrsa (le haghaidh mac léinn) chun aird an duine a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an gníomh, a tharraingt ar ábhair imní an ghearánaí.

5.2 Ní mór do gach duine smaoineamh faoin gcaoi a gceistíonn a gcuid gníomhartha dínit agus meas ar dhaoine eile:

5.2.1 An bhfuil deacracht oibre le réiteach nár thug siad aird uirthi?

5.2.2 An bhfeiceann siad rud éigin ar siúl nach dtagann le hidéil na dínite agus an mheasa?

5.2.3 An bhfuil rud éigin pearsanta ar siúl acu nach mór dóibh oibriú air?

5.2.4 An gá dóibh breathnú ar a stíl chumarsáide?

5.2.5 An mbíonn meas acu ar cheart a gcuid piaraí agus comhghleacaithe chun a gcuid saintréithe agus príobháideachais?

5.2.6 An bhféadfaidís bheith níos éifeachtaí mar imreoir foirne?

# 6 Sainmhínithe

## 6.1 Cad is Bulaíocht ann?

6.1.1 Ábhar tromchúiseach atá sa bhulaíocht a fhéadann teacht chun cinn ar bhealaí éagsúla.

6.1.2 Iompraíocht mhíchuí leantach atá sa bhulaíocht, bíodh gur iompraíocht dhíreach nó indíreach atá i gceist, bíodh gur iompraíocht bhéil, fhisiceach nó eile atá i gceist, a bhíonn ar siúl ag duine amháin nó níos mó daoine ag duine nó daoine eile, san áit staidéir nó oibre a d'fhéadfaí a mheas go réasúnta go mbaineann sé de cheart an duine aonair chun dínite agus measa.

6.1.3 Dá dtarlódh an iompraíocht a bhfuil cur síos uirthi sa sainmhíniú seo uair amháin d'fhéadfadh go mbeadh sé ina mhasla do dhínit duine ach, mar eachtra aonuaire, ní mheastar gur bulaíocht atá i gceist.

[2] Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

6.1.4 Is féidir le bulaíocht tarlú ar go leor bealaí, ó iompar bagrach oscailte, agus béicíl go tráchta caolchúiseacha nó fágáil amach. D'fhéadfadh go ndéanfaí bulaíocht de bhéal, go fisiceach nó go síceolaíoch. Bíonn sé scriosach agus is féidir go mbeadh torthaí tromchúiseacha uirthi. Tógfaidh MIE san áireamh tionchar na hiompraíochta ar an duine a ndearnadh dóibh í agus é ag déileáil le cásanna bulaíochta.

6.1.5 Ba cheart a thabhairt faoi deara nach measfaí gur bulaíocht atá i gceist le smacht réasúnta mic léinn nó treoir a eisiúint maidir le hábhair staidéir nó oibre ná cearta nó dualgais bhainistíochta dlíthiúla a chleachtadh. Ina theannta sin, níl gearáin[3] a bhaineann le sannadh dualgas nó téarmaí nó coinníollacha fostaíochta oiriúnach don phróiseas seo agus d'fhéadfadh go gcuirfí ar aghaidh iad chuig Ceann Roinn baill nó chuig an gCeann Acmhainní Daonna.

### 6.2 Samplaí den Bhulaíocht:

6.2.1 Ó bhéal: maslaí pearsanta, bheith fonóideach, tráchta maslacha, náiriú os comhair daoine eile, leasainmneacha, duine amháin a aithint go síoraí mar 'ábhar magaidh', cáineadh duine, caitheamh anuas orthu nó magadh fúthu i gcónaí, bagairtí, bheith anuas ar dhuine i gcónaí, magadh maslach, graifítí dímheasúil, cibearbhulaíocht áit ar minic go ndéantar náiriú trí sheomraí comhrá nó ríomhphost, maslaí scríofa i dteachtaireacht téacs;

6.2.2 Neamhlabhartha nó indíreach: fágáil amach d'aon ghnó, dearcadh naimhdeach, ráfaí mailíseacha a scaipeadh

6.2.3 Mí-úsáid cumhachta: cáineadh iomarcach, eolas riachtanach a choimeád siar, imeaglú;

6.2.4 Fisiceach: brú, bualadh faoi, cur isteach ar earraí nó stáisiún oibre pearsanta, iompraíocht ionsaitheach, imeaglú fisiceach, teagmháil fhisiceach nach bhfuiltear sásta léi suas le agus lena n-áirítear ionsaí.

### 6.3 Cad is Ciapadh ann?

Glacann an beartas seo leis an sainmhíniú ar chiapadh mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas, 2004, i.e. "aon fhoirm iompair neamhiarrtha" a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas leithcheala agus an cuspóir nó an éifeacht aige dínit duine a shárú agus

[3]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, uiríslithe nó maslach a chruthú don duine". D'fhéadfadh go mbeadh eachtra amháin nó iompraíocht mhíchuí leanúnach a bheith i gceist le ciapadh.

6.4 Bíonn ciapadh i gceist le go leor cineálacha iompraíochta mar:

6.4.1 Ciapadh béil (magadh, tráchta, bheith ag fonóid faoi dhuine)

6.4.2 Ciapadh scríofa (teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, fógraí);

6.4.3 Ciapadh fisiceach (gothaí, staidiúirí bagracha);

6.4.4 Taispeántais fhisiceacha (póstaeir, suaitheantais);

6.4.5 Leithlisiú nó eisiamh ó ghníomhaíochtaí sóisialta;

6.4.6 Brú ar dhuine iad féin a iompar ar bhealach a mheasann siad nach cuí é – iallach a bheith orthu gléasadh ar bhealach nach n-oireann do chúlra creidimh nó eitneach an duine.

6.5 **Cad is Ciapadh Gnéis ann?**

Áirítear le ciapadh gnéis gníomhartha caidrimh chollaí nó iarratais ar gharaíocht gnéis nó nó aon ghníomh nó iompraíocht ag an té atá i mbun an chiaptha lena n-áirítear focail labhartha, gothaí, déanamh, taispeáint nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhar eile nach bhfuil an faighteoir sásta leo agus a d'fhéadfaí a mheas go réasúnta mar iompraíocht atá dímheasúil, maslach, náireach nó imeaglach ó thaobh gnéis don fhaighteoir. Is é nádúr neamhiarrtha an chiaptha ghnéis a chiallaíonn go bhfuil difríocht ann idir é agus iompraíocht mhealltach nó ghnéis a théitear ina bun gan srian agus go comhpháirteach; is é tionchar dochrach na hiompraíochta neamhiarrtha ar an bhfaighteoir, seachas rún an té a dhéanann an ciapadh, atá tábhachtach. Tógtar iompraíocht an chiaptha ghnéis san áireamh ag MIE nuair atá cásanna de chiapadh gnéis á bhfiosrú.

6.6 **Samplaí de Chiapadh Gnéis:**

6.6.1 Ó bhéal: cluanaireacht ghnéis nach bhfuiltear á hiarraidh, jócanna lena ngabhann claontagairt ghnéis, iarratais ar gharaíocht ghnéis, bagairtí;

6.6.2 Neamhbhéil nó indíreach: pictiúr nó ábhar scríofa lena ngabhann claontagairt gnéis, féachaint dhrúisiúil, ráflaí a scaipeadh faoi iompraíocht nó claonadh gnéis duine;

6.6.3 Leictreonach: teachtaireachtaí nó íomhánna a bhfuil claontagairt gnéis iontu a sheoltar tríd an ríomhaire nó trí bhealaí leictreonacha eile:

6.6.4 Fisiceach: teagmháil fhisiceach nach bhfuiltear á hiarraidh, suas le agus lena n-áirítear ionsaí.

6.6.5 Baineann an reachtaíocht maidir le ciapadh gnéis le heachtraí de nádúr gnéasach idir daoine den ghnéas céanna chomh maith le heachtraí idir bean agus fear.

## 6.7 Cad is Ciapadh Cine ann?

Sainítear ciapadh cine, ar ciapadh é ar bhoinn chine, lena n-áirítear bunús náisiúnta nó eitneach, mar iompraíocht nach iarrtar, nó gríosadh chun iompraíochta den sórt sin, bunaithe ar chine duine, atá maslach don té a ndéantar dóibh í agus a d'fhéadfadh bagairt ar shlándáil duine nó timpeallacht oibre nó staidéir a chruthú atá strusmhar, naimhdeach nó imeaglach.

## 6.8 Samplaí de Chiapadh Cine:

6.8.1 Ó bhéal: jócanna nó tráchta maslacha faoi chine nó bhunús eitneach duine (lena n-áirítear ballraíocht ar phobal an Lucht Siúil), magadh nó tuiscintí bunaithe ar steiréitíopaí cine;

6.8.2 Neamhlabhartha nó indíreach: eisiamh, dearcaí naimhdeacha nó maslacha, ráflaí mailíseacha a scaipeadh;

6.8.3 Físe: ábhair a thaispeáint nó a scaipeadh atá maslach do ghrúpaí cine nó eitneacha áirithe, mar chartúin nó bolscaireacht chine;

6.8.4 Fisiceach: ionsaí fisiceach, bagairtí ionsaí fhisicigh.

## 6.9 An bhfuil Foirmeacha Eile Ciaptha ann?

6.9.1 Meastar gur ciapadh atá i gceist le gníomh nó iompraíocht ar bith ag an té a dhéanann é mura bhfuil an faighteoir sásta leis agus má d'fhéadfaí a mheas go réasúnta go bhfuil sé maslach, náireach nó imeaglach don fhaighteoir, i ndáil le ceann amháin nó níos mó de thréithe an fhaighteora: inscne; stádas pósta nó teaghlaigh; claonadh gnéis; creideamh; aois, míchumas, agus ballraíocht de phobal an Lucht Siúil. Féadann iompraíocht den sórt sin tarlú ar go leor bealaí, cosúil le ciapadh gnéis, ciapadh cine nó bulaíocht. Ba cheart a thabhairt faoi deara go

bhféadfadh go mbeadh iompraíocht den sórt sin scriosach agus nach féidir glacadh léi.

6.9.2 Anuas air sin, d'fhéadfadh go mbeadh ciapadh ar siúl ag nó go dtarlódh ciapadh do dhaoine ar baill iad agus daoine nach baill iad de phobal MIE. Ní féidir glacadh le ciapadh a dhéanann daoine nach bhfuil ceangal díreach acu le MIE, ar nós cliant, soláthraithe seirbhíse, etc. agus ba cheart é a thuairisciú láithreach. Cé nach bhfuil sé de chumhacht ar MIE pionós a ghearradh ar an gciontóir sna cásanna sin, tar éis gearán a fháil agus tar éis fiosrúcháin áit is cuí, glacfaidh sé gníomh d'fhonn cosc a chur ar an iompraíocht sin. Ba cheart do gach ball de phobal MIE an meas céanna a léiriú ar chuairteoirí ar an gcampas, mar gur gné thábhachtach de MIE iad. Chomh maith le beartas MIE a shárú, tá go leor foirmeacha bulaíochta agus ciaptha in aghaidh an dlí.

### 6.1 Éifeachtaí na Bulaíochta agus an Chiaptha

Is féidir le Bulaíocht agus Ciapadh dul i bhfeidhm ar go leor gnéithe de shaol na hInstitiúide agus de dhínit agus leas duine, mar shampla, d'fhéadfadh go dtarlódh:

i. Dochar don mheanma;
ii. Drochfheidhmíocht sa staidéar nó ag an obair;
iii. Cultúr eagla;
iv. Imní;
v. Dúlagar;
vi. Dochar d'fhéinmhuinín agus don tsláinte;
vii. Cailliúint measa;
viii. Cailliúint féinmhuiníne;
ix. Méadú ar neamhláithreacht agus dhrochshláinte;
x. Drochshéirbhísí do mhic léinn agus bhaill foirne;
xi. Dochar do chlú MIE má chuirtear isteach ar spreagadh nó éifeachtúlacht.

## 7 Beartas

7.1 Níl aon amhras ach nach nglactar leis an mbulaíocht ná leis an gciapadh. Is féidir le sáruithe ar bheartas MIE bheith ina mbonn do ghníomh smachta agus, i gcásanna ina

bhfuil ciontaí tromchúiseacha i gceist, gníomh smachta suas le agus lena n-áirítear cur ar fionraí nó briseadh as [4].

## 7.2 Iniúchadh: An bhfuil Bulaíocht nó Ciapadh ag Tarlú duit?

Má cheapann tú go bhfuil tú i d'ábhar/íospartach bulaíochta / ciaptha, d'fhéadfadh go mbeadh an seicliosta seo a leanas ina chabhair (féach freisin ar Aguisín 1)

i. An bhfuil an iompraíocht leanúnach neamhiarrtha agus neamhriachtanach?
ii. An mbíonn an iompraíocht maslach nó imeaglach?
iii. An mothaíonn tú leochaileach, faoi bhrú nó aonarach dá barr?
iv. An mbíonn éifeacht dhiúltach aige ar do chuid oibre nó staidéir?

## 7.3 Seirbhísí Tacaíochta

7.3.1 Ba cheart go mothódh mic léinn nó baill foirne a bhfuil imní orthu faoi eachtraí bulaíochta, ciaptha ghnéis, ciaptha cine nó foirmeacha eile ciaptha, e.g. mar chomhghleacaithe, piaraí, cairde, finnéithe nó mar dhaoine a ndearnadh cion ina gcoinne, go bhfuil lánchead agat cabhair agus comhairle rúnda a lorg. Moltar go láidir go ndéanfaidís amhlaidh (féach ar Aguisín 5).

7.3.2 Mar gheall ar nádúr na bulaíochta nó an chiaptha, ar minic a bhíonn sé pearsanta, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an bhfaighteoir lena gcuid ábhar imní a phlé go rúnda le duine eile, i dtimpeallacht shábháilte. Moltar go láidir go gcoimeádfadh an duine atá míshásta taifead ar eachtraí de réir mar a tharlaíonn siad: an méid a tharla, dátaí, amanna, áiteanna, finnéithe (má bhí finnéithe i gceist), a bhfreagairt agus an tionchar orthu.

7.3.3 I measc na chéad áiteanna um thacaíocht agus threoir do mhic léinn leis an bpróiseas tá:

i. Teagascóir an mhic léinn[5]
ii. Dochtúir in Ionad Sláinte na Mac Léinn
iii. Seirbhís Comhairleoireachta Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath (a dtabharfar Coláiste na Tríonóide air amach anseo)

[4]Féach ar an mBeartas Araíonachta
[5]Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

iv. Ball d'Aontas na Mac Léinn, ar nós an Oifigigh Leasa.

v. Le haghaidh ball foirne, tá tacaíocht le fáil ón gCeann Roinne nó ón mBainisteoir, Acmhainní Daonna.

7.4 Déileáil le briseadh síos na cumarsáide nó le díospóidí idirphearsanta nuair nach léirítear dínit ná meas.

7.5 Uaireanta, is féidir cumarsáid briseadh síos nó is féidir go dtarlódh díospóid idirphearsanta idir mic léinn nó baill foirne. D'fhéadfadh go mbeadh fadhb ag mac léinn nó ball foirne mar thoradh ar bhriseadh síos na cumarsáide, díospóid idirphearsanta, nó easpa soiléire maidir le róil i bhfoirne. Is tábhachtach go réiteofaí an fhadhb chomh tapa agus is féidir (féach ar Aguisín 4). Seo modh amháin atá molta:

7.5.1 Céim 1

Faigheann an mac léinn tacaíocht óna dteagascóir[6]agus faigheann an ball foirne tacaíocht óna gCeann Roinne nó ón mBainisteoir Acmhainní Daonna. Ansin tógann an duine atá míshásta roinnt ama chun smaoineamh/scríobh faoin bhfadhb/faoi na fadhbanna agus na réitigh fhéideartha.

7.5.2 Céim 2: Má roghnaíonn an duine míshásta an t-ábhar a láimhseáil leo féin:

i. Socraíonn siad bualadh leis an bpáirtí eile ag am aontaithe, in áit aontaithe

ii. Aontaíonn siad ar rúndacht agus ar mhéid ama don chruinniú e.g. timpeall uair an chloig de ghnáth.

7.5.3 Seo a leanas a d'fhéadfadh an páirtí míshásta a dhéanamh ag an gcruinniú:

i. Labhairt leis an bpáirtí eile atá i gceist chomh hoscailte agus chomh macánta agus is féidir faoi na deacrachtaí mar thoradh ar an mbriseadh síos;

ii. Cloí leis na fíricí agus bheith neamhbhreithiúnach;

iii. Labhairt faoin tionchar a bhí ag na heachtraí orthu agus samplaí á n-úsáid acu;

iv. Cur in iúl go soiléir gur féidir agus gur gá an t-ábhar a réiteach go cairdiúil agus go pras;

[6]Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

v. Bheith oscailte do phlé débhealaigh, i.e. tógann an dá thaobh an méid céanna ama chun a scéal a chur in iúl gan chur isteach orthu chun achoimre a dhéanamh ar an bhfadhb.

7.5.4 Céim 3: Seo a leanas a dhéanann an bheirt páirtithe ag deireadh an chruinnithe;

i. Smaoineamh faoi réitigh fhéideartha;

ii. Aontú ar bhealach ar aghaidh chun an briseadh síos a réiteach agus aontú ar conas monatóireacht a dhéanamh air; nó

iii. Aontú ar an gcéad chéim eile murar féidir teacht ar réiteach ag an am sin.

7.5.5 Is é toradh inmhianaithe an phróisis ná ligean don bheirt pháirtithe aontú ar chreat áit ní hamháin go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú le chéile ar bhealach cuí ach go gcuirfidh siad an briseadh síos i gceart.

7.5.6 Céim 4: Athbhreithniú ar an suíomh. Is tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh roinnt ama tar éis an réitigh chun seiceáil cibé acu an bhfuil sé ag obair i gceart mar a cuimsíodh sa réiteach.

7.5.7 Céim 5: Mura dtagtar ar réiteach nó má leanann an briseadh síos ar aghaidh d’ainneoin an réitigh ar aontaíodh air, téann an mac léinn míshásta i gcomhairle a dteagascóra[7] agus téann an ball foirne míshásta i dteagmháil leis an mBainisteoir, Acmhainní daonna agus cuireann siad in iúl don pháirtí eile go bhfuil an chéim sin glactha acu.

7.6 Nuair a bhíonn éifeacht ag Ábhair Dínite agus Mheasa ar Dhul chun cinn Acadúil

7.6.1 Nuair a mheasann mac léinn go mbíonn éifeacht ag iompraíocht baill foirne acadúil ar a ndul chun cinn acadúil, cuirfear i bhfeidhm an próiseas soiléir mar atá leagtha amach i mbeartas Dínite agus Measa MIE de réir mar is cuí.

7.6.2 Áit a bhfuil an teagascóir céanna ag gearánaí agus ciontóir líomhanta[8], d’fhéadfadh go mbeadh sé sin ina chabhair dá mbeadh an teagascóir ag gníomhú i ról idirghabhála/éascaithe. Ach má tá an próiseas níos foirmiúla nó má éiríonn an próiseas níos foirmiúla d’fhéadfadh nárbh inmhianaithe go mbeadh an dá ról ag an teagascóir[8.] Sa chás sin féadfaidh an teagascóir an cás a phlé leis an gCláraitheoir nó le hainmní an Chláraitheora chun teacht ar réiteach sásúil.

[7]Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

7.7 Nós Imeachta Réitigh 1.

### 7.7.1 Eachtraí Bulaíochta nó Ciaptha a Réiteach

Is féidir le mac léinn nó ball foirne a mheasann go bhfuil bulaíocht nó ciapadh á dhéanamh dóibh roghnú a gcuid ábhar imní a chur ar aghaidh go neamhfhoirmiúil nó go foirmiúil. Is é cuspóir an phróisis neamhfhoirmiúil ná na fadhbanna a réiteach agus an méid is lú coimhlinte agus strusa i gceist le haghaidh na ndaoine lena mbaineann (féach ar chuid 7.9 thíos). I gcás gearán an-tromchúiseach[8] nó áit nach réitítear an fhadhb trí phróiseas neamhfhoirmiúil, ba cheart cloí leis an bpróiseas foirmiúil (féach ar chuid 7.17 thíos).

7.8 D'fhéadfadh go mbeadh comhairle faoin rogha is fearr le déanamh ag teastáil ó dhuine a mheasann gur tharla sárú ar an mbeartas seo maidir leo. Ba cheart dóibh dul i dteagmháil le ceann de na Seirbhísí Tacaíochta atá liostaithe sa cháipéis seo

i. Ba cheart don duine iad a chur ar an eolas faoi shonraí beachta na hiompraíochta ciontaí. Éistfidh siad le scéal an duine agus tabharfaidh siad cúnamh pearsanta dóibh leis an bhfadhb a réiteach, lena n-áirítear eolas faoi nósanna imeachta MIE. Gníomhóidh siad ar bhealach neamhchlaonta agus neamhbhreithiúnach.
ii. Pléifidh siad leis an duine cibé acu ar cheart dóibh ceann amháin de na trí chur chuige don nós imeachta neamhfhoirmiúil a roghnú nó an nós imeachta foirmiúil a roghnú. Cuirfidh siad tacaíocht phearsanta ar fáil i gcónaí.
iii. Ní ghníomhóidh siad ach le toil an duine.

7.8.1 Cuimhnigh go mbaineann prionsabail an cheartais nádúrtha le gach páirtí i ngearán[9]. Bíonn na cearta céanna ag daoine a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad ciapadh is a bhíonn ag gearánaithe. Tá sé de cheart acu:

i. Eolas a bheith acu faoi na líomhaintí iomlána agus faoi cé atá á ndéanamh;
ii. Freagra a thabhairt (nó iad féin a chosaint);
iii. Chun ionadaíochta;
iv. Chun breithniú neamhchlaonta agus oibiachtúil ar an bhfianaise i gcomhair achomhairc[10].

---

[8]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn
[9]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn
[10]Féach ar an mBeartas Achomharc (Dul Chun Cinn Acadúil), Próiseas Chúirt an Chéad Achomhairc, Próiseas Chúirt an Dara hAchomhairc, Próiseas Achomhairc Iarchéime agus Treoirlínte maidir le Fianaise chun Tacú le hAchomharc Ad Misericordiam

7.9 I gcoitinne, beifear ag súil go ndéanfaidh gearánaithe iarracht a gcuid ábhar imní a réiteach agus an próiseas neamhfhoirmiúil thíos á úsáid.

7.10 Próiseas Neamhfhoirmiúil

7.10.1 Is é cuspóir an chuir chuige seo ná na deacrachtaí a réiteach agus an méid is lú coimhlinte agus strus i gceist le haghaidh na ndaoine lena mbaineann. Tá trí chur chuige neamhfhoirmiúil i gceist:

i. Ábhair a láimhseáil iad féin
ii. Labhairt le daoine eile
iii. Idirghabháil a lorg a mbeadh idirghabháil mar thoradh uirthi.

7.10.2 I ngach cás iarr comhairle (ó na foinsí cabhrach atá ainmnithe sa cháipéis seo).

7.11 Ábhair a láimhseáil iad féin

7.11.1 Má tá an duine compordach go leor le socrú a dhéanamh chun bualadh leis an gciontóir líomhanta, ba cheart dóibh cloí leis an bpróiseas atá curtha i láthair sa bheartas seo.

i. Socraigh am agus ionad an chruinnithe.
ii. Labhair go príobháideach leis an duine a mheasann siad go bhfuil bulaíocht/ciapadh á dhéanamh acu orthu chun cur in iúl go soiléir go bhfuil an iompraíocht sin doghlactha, maslach agus dochrach agus nach bhfuil sí ag teacht le beartas ná éiteas MIE. Is é an cuspóir atá i gceist anseo ná ligean don chiontóir líomhanta tionchar a gcuid iompraíochta a thuiscint. Ansin iarrann an gearánaí orthu stadadh den iompraíocht.

7.11.2 Má bhíonn sé deacair don duine labhairt leis an gciontóir líomhanta nó, má leanann an iompraíocht ar aghaidh tar éis cruinnithe leo, bog ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

7.12 Labhair le duine eile

7.12.1 Is féidir le mic léinn labhairt lena dteagascóir[11] nó lena ndochtúir ginearálta nó leis an tSeirbhís Comhairleachta nó le hAontas na Mac Léinn;

[11]Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

7.12.2 Cabhróidh siad leat leis an ábhar a láimhseáil agus déanfaidh siad ar bhealach neamhchlaonta agus neamhbhreithiúnach é. Chuige sin féadfaidh tú cinneadh leo go rachaidh siad in éineacht leat chuig cruinniú leis an gciontóir líomhanta. Ar an gcaoi chéanna, is féidir leis an gciontóir líomhanta duine a thógáil in éineacht leo. Is é ról an tríú páirtí ná tacaíocht a thabhairt don ghearánaí agus iad ag cur an chiontóra/na gciontóirí líomhanta ar an eolas faoina gcuid deacrachtaí agus tugtar deis ansin don chiontóir/do na ciontóirí líomhanta smaoineamh ar an iompraíocht mhíchuí ó thaobh an ghearánaí. Is é toradh inmhianaithe an phróisis ná ligean don bheirt pháirtithe aontú ar chreat áit ní hamháin go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú le chéile ar bhealach leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú lena chéile ar bhealach iomchuí.

7.12.3 Má aontaíonn an ciontóir líomhanta ar réiteach leis an ngearánaí ag an bpointe sin, ba cheart go n-aithneodh an bheirt pháirtithe ar na gníomhartha ceartaitheacha agus go n-aontóidís orthu. Chun nach mbeadh aon éiginnteacht ina dhiaidh sin, d’fhéadfaí nótaí scríofa a ullmhú agus a shíniú. Ceadóidh sé sin don bheirt pháirtithe athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an suíomh.

7.12.4 Seachas duine tacaíochta a thógáil in éineacht leat chuig cruinniú leis an gciontóir líomhanta, d’fhéadfadh go n-iarrfá ar an duine tacaíochta an ciontóir líomhanta a chur ar an eolas faoi do thuairim i leith a gcuid iompraíochta agus faoin tionchar a bhíonn aici ort.

7.13 Mura dtagtar ar an toradh mianaithe nó mura maireann an réiteach agus má leanann an fhadhb ar aghaidh, d’fhéadfadh go rachadh an duine míshásta i muinín idirghabháil a lorg ar nós idirghabhála.

7.13.1 Féach ar Aguisín 4 den bheartas seo

7.13.2 Tacaíonn MIE le húsáid na hidirghabhála mar mhodh malartach chun gearáin a réiteach[12]. Ní mór go mbeadh an bheirt pháirtithe sásta páirt a ghlacadh inti agus go n-aontódh siad le ceapadh idirghabhálach inmheánaigh.

[12]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

7.13.3 Próiseas neamhfhoirmiúil atá i gceist leis sin trína gcabhraíonn idirghabhálaí leis na páirtithe i ndíospóid le labhairt faoi na fadhbanna eatarthu agus, más mian leo teacht ar chomhaontú atá sásúil don dá thaobh.

7.13.4 Má aontaíonn na páirtithe leis an gcur chuige sin, ceapfaidh MIE idirghabhálaí neodrach agus neamhchlaonta, le toiliú na bpáirtithe, chun an próiseas a éascú.

7.14 Próiseas Neamhfhoirmiúil: conclúid

Is é cuspóir na dtrí chur chuige don phróiseas neamhfhoirmiúil ná, seachas socrú cibé acu gur sáraíodh an beartas, iarracht a dhéanamh caidreamh oibre a thógáil ar ais idir na páirtithe ionas gur féidir na deacrachtaí idir na daoine atá i gceist a réiteach go cairdiúil.

7.15 Nós Imeachta Réitigh 2.

Gearán a dhéanamh (féach freisin ar Aguisín 1)

i. D'fhéadfadh go mba mhian le mic léinn agus baill foirne nach raibh ag iarraidh an rogha neamhfhoirmiúil a ghlacadh (d'ainneoin gur moladh dóibh déanamh amhlaidh) nó a fuair nach raibh an rogha neamhfhoirmiúil éifeachtach/nár réitíodh é an Próiseas Neamhfhoirmiúil a leanúint i.e. gearán scríofa faoi bhulaíocht/chiapadh a dhéanamh agus é curtha in iúl go soiléir.
ii. Déanann mic léinn an gearán sin chuig an gCláraitheoir trí mheán a dteagascóra.
iii. Déanann baill foirne sin chuig an mBainisteoir Acmhainní Daonna.
iv. Ba cheart é sin a dhéanamh tar éis gur tharla roinnt eachtraí bulaíochta líomhanta nó áit a ndearna an t-íospartach eachtra thromchúiseach ciaptha amháin ar a laghad a thaifeadadh. Moltar nach ligfí don fhadhb leanúint ar aghaidh más léir go bhfuil sí ag déanamh dochair do staidéar, d'obair agus do shláinte an íospartaigh.

7.16 An bhfuil sé strusmhar gearán a dhéanamh agus bheith mar ábhar gearáin?[13]

Tuigtear go bhféadann an cinneadh cás a chur ar aghaidh imní nó strus a chur ar an duine atá i gceist. Ina theannta sin, má líomhnaítear go ndearna duine ciapadh (nuair a chuirtear ar an eolas iad) is féidir leis bheith strusmhar don duine sin. Is féidir le ceachtar páirtí labhairt faoin suíomh leis an duine cuí, mar gur féidir leis sin cabhrú leis an strus a mhaolú. Is tábhachtach go láimhseálfadh gach duine an strus sin.

7.17 An Próiseas Neamhfhoirmiúil

7.17.1 Nuair a bheidh gearán foirmiúil i scríobh faighte ag an gCláraitheoir nó an Bainisteoir Acmhainní Daonna faoi shonraí beachta na faidhbe, gairtear an nós imeachta foirmiúil.

7.17.2 Déileáilfear mar is ceart le gach gearán foirmiúil faoi chiapadh, chiapadh gnéis agus bulaíocht, agus le cothroime agus aird chuí ar íogaireachtaí an ghearánaí agus ar chearta and duine a ndearnadh an gearán ina aghaidh (féach Aguisíní 1 & 3).

7.17.3 Déileáilfear go pras agus go báúil le gearáin[13].

7.17.4 An oiread is féidir, déanfar gach iarracht déileáil go rúnda le gearáin.

7.17.5 Cosnaítear ceart gearánaí faoin mbeartas seo agus ní ghearrfar pionóis orthu as gearán a dhéanamh de dhea-mhéin (féach ar Aguisín 3).

7.17.6 Céim 1

i. Ainmneoidh an Cláraitheoir/an Bainisteoir Acmhainní Daonna beirt bhall foirne chun an gearán a fhiosrú agus beidh siad in ann tarraingt ar shaineolas agus acmhainní ábhartha de réir mar is cuí. Fiosróidh siad an gearán agus tabharfaidh siad tuairisc laistigh de 15 lá oibre, más féidir. Déanfar gach iarracht an fiosrúchán a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir, agus laistigh d'amfhráma aontaithe.

ii. I gcásanna ina bhfuil ciapadh gnéis líomhanta, déanfaidh MIE cinnte go mbeidh duine amháin de na fiosraitheoirí ar a laghad den inscne chéanna leis an ngearánaí. Ba cheart go mbeadh an bheirt rannpháirteach i ngach céim d'agallaimh a chur ar fhinnéithe agus páirtithe sa ghearán.

iii. San fhiosrúchán breathnófar go hoibiachtúil ar an bhfianaise go léir atá ábhartha don ghearán. Ba cheart do na fiosraitheoirí bualadh leis an ngearánaí agus leis an té a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an ciapadh agus le haon fhinné ar bhonn aonair d'fhonn na fíricí a shocrú.

7.17.7 Céim 2

Ba cheart don Chláraitheoir/Bhainisteoir Acmhainní Daonna na fiosraitheoirí a cheapadh agus a dtéarmaí tagartha don fhiosrúchán a shonrú. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo siúd, mar shampla:

[13] Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

a. Cóip den ghearán a chur i scríobh, laistigh de chúig lá oibre, chuig an té a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an ciapadh, agus cur ar a n-eolas go dtabharfar deis chóir dóibh freagairt don líomhain. Cuirfear an t-ábhar go léir a bhaineann leis an ngearán ar fáil don té a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an ciapadh, le linn an fhiosrúcháin;
b. Freagraí a fháil;
c. Cruinnithe fiosrúcháin a eagrú (cruinnithe ar leithligh le haghaidh an bheirt páirtithe);
d. Ceanglaítear ar Mhic Léinn agus Bhaill Foirne comhoibriú leis na fiosrúcháin a dhéantar faoin nós imeachta seo.

7.17.8 Céim 3

i. Reáchtálfar cruinnithe fiosrúcháin go rúnda agus le híogaireacht, agus déileáilfear le dínit agus meas le gach mac léinn agus ball foirne. Féadfaidh na páirtithe faoi seach duine eile a thógáil in éineacht leo nó ionadaí a chur chuige na cruinnithe maidir leis an bpróiseas. Is ceanglas é an rúndacht do gach páirtí atá rannpháirteach san fhiosrúchán.

ii. Cuirfear iad siúd a bheidh i láthair ag cruinniú fiosrúcháin ar an eolas roimh an gcruinniú maidir leis na nithe seo a leanas:

a. Cuspóir an chruinnithe;
b. An gearán atá á fhiosrú;
c. An t-am agus an t-ionad;
d. A gceart chun ionadaíochta;
e. Go bhféadfadh go mbeadh gníomh smachta mar thoradh ar an bhfiosrúchán.
f. Coimeádfar taifead scríofa de gach cruinniú[14]. Féadfar cruinnithe fiosrúcháin breise a shocrú má theastaíonn de réir mar a thagann ceisteanna chun cinn.

7.17.9 Céim 4

Déanann na Fiosraitheoirí an fhaisnéis go léir a mheas ar bhealach cóir agus íogair agus ullmhaíonn siad fionnachtain.

7.17.10 Fionnachtana féideartha fiosrúcháin.

[14] Féach ar Sceideal Coinneála Taifead MIE

D'fhéadfadh go bhfaigheadh na fiosraitheoirí, dar leo:

a. Go bhfuil an fiosrúchán teoranta chuig cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an seastar/nach seastar leis an ngearán;
b. Gur sáraíodh an Beartas
c. Nár sáraíodh an Beartas;
d. Gur chuir iompraíocht duine amháin de nó na páirtithe nó na beirte leis an mbriseadh síos sa chaidreamh oibre;

Nárbh léir gur tharla aon chiapadh ná bulaíocht agus gur cosúil gur gearán mailíseach nó cráiteach atá i gceist. Sa chás sin, bainfear úsáid as Próiseas Smachta cuí MIE chun déileáil leis an bhfadhb.

7.17.11 Céim 5

i. Tabharfar toradh an fhiosrúcháin i bhfoirm réamhthuairisce scríofa a chuirfear ar fáil ansin don ghearánaí agus don té a bhfuil sé líomhanta go ndearna siad an ciapadh le gur féidir leo trácht a dhéanamh air.
ii. Déanfaidh an fiosraitheoir na tráchta sin a mheas agus an tuairisc dheireanach á dréachtú acu ar cheart a sheoladh chuig an gCláraitheoir/an mBainisteoir, Acmhainní Daonna.

7.18 Údar leis an nGearán

7.18.1 Má fhaightear go bhfuil bunús maith leis an ngearán (i.e. sáraíodh an beartas dínite agus measa), féadfaidh an Cláraitheoir nó an Bainisteoir, Acmhainní Daonna comhairleoireacht, monatóireacht nó cur ar aghaidh chuig próiseas smachta cuí MIE a mholadh.

7.18.2 Ba cheart an toradh a chur in iúl i bpearsa, agus i scríobh, don duine/do na daoine aonair lena mbaineann.

7.18.3 Má mholtar go ndéanfaí éisteacht smachta, déanfar í sin ar aon dul leis an mBeartas Smachta.

7.18.4 Beidh an smachtbhanna ceaptha chun feidhm bhactha agus cheartaitheach a chomhlíonadh chun seasamh le héiteas Dínite agus Measa MIE.

7.19 An bhfuil Ceart Achomhairc ceadaithe?[15]

7.19.1 I gcás gur féidir le ceachtar páirtí a léiriú go raibh an próiseas fiosrúcháin lochtach, gur baineadh de nó gur toradh páirteach atá i gceist, féadfaidh siad achomharc a lóisteáil le hUachtarán MIE, nó lena n-ainmní laistigh de sheacht lá oibre i.e. na húdair lena míshástacht leis an bhfiosrúchán nó leis an toradh a bhí air a leagan amach i scríobh.

7.19.2 Cloífidh an tUachtarán le nós imeachta maidir leis an ábhar sin, agus féadfaidh siad breithneoir seachtrach a cheapadh, a bhreathnóidh ar na cáipéisí go léir a bhaineann leis an gcás.

7.19.3 Tar éis dóibh breathnú ar na cáipéisí, tabharfaidh an breithneoir neamhspleách tuairisc don Uachtarán nó dá n-ainmní a chinnfidh ansin cibé acu an seasfar nó nach seasfar leis an achomharc nó an n-iarrfar faisnéis bhreise maidir leis an gcás. Beidh ina chinneadh ina cheangal.

7.20 Cad a tharlaíonn tar éis an fhiosrúcháin?

7.20.1 Socróidh an Cláraitheoir nó an Bainisteoir Acmhainní Daonna go ndéanfar seiceálacha rialta chun déanamh cinnte, áit a raibh bunús le líomhain, gur stadadh den iompraíocht agus nár tharla aon íospairt de thoradh gearán a chur ar aghaidh le dea-mheán nó nach ndearnadh aon íospairt i gcás finnéithe a ghlac páirt de dhea-mhéin (féach ar Aguisín 2).

7.20.2 Déileálfar mar chion tromchúiseach faoi Bheartas Smachta MIE le díoltas i gcoinne mic léinn tar éis dóibh gearán a dhéanamh nó páirt a ghlacadh i bhfiosrúchán a bhaineann le bulaíocht/ciapadh.

7.21 An dtugtar tacaíocht d'fhiosraitheoirí?

Is féidir le strus a bheith ag baint le hobair an fhiosraitheora, go háirithe i gcásanna deacra, agus is féidir leis ualach oibre breise a chruthú do bhall foirne. Tabharfar comhairle, tacaíocht agus acmhainní áit is gá agus is cuí.

7.22 Torthaí féideartha ar fhiosrúchán:

[15] Féach ar an mBeartas Achomharc (Dul Chun Cinn Acadúil), Próiseas Chúirt an Chéad Achomhairc, Próiseas Chúirt an Dara hAchomhairc, Próiseas Achomhairc Iarchéime agus Treoirlínte maidir le Fianaise chun Tacú le hAchomharc Ad Misericordiam

7.22.1 Ní sheastar leis an ngearán

Má fhaightear nach seastar leis an ngearán, ba cheart a dhearbhú don ghearánaí nach mbreathnófar ar ghearáin bona fide mar ghearáin mhailíseacha.

7.22.2 Gearáin mhailíseacha

Déileálfar le gearáin[16] a fhaightear gur gearáin mhailíseacha a bhí iontu mar mhí-iompar tromchúiseach faoi Bheartas Smachta MIE. Níor cheart go gcuirfí mic léinn nó fostaithe ó ghearáin mhacánta a thuairisciú de thoradh na forála sin.

7.22.3 Gearáin a tharraingt siar

i. Ó am go chéile déanann daoine gearán agus ansin ní bhíonn siad ag iarraidh dul ar aghaidh leis. Ní mór aon ghearán a tharraingt siar nach bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis. Déileálfar mar ábhar tromchúiseach le tarraingt siar gearáin. Ní mór an tarraingt siar a dhéanamh i bpearsa ar dtús don duine ar lóisteáladh an gearán leo ar dtús.

ii. De réir a dualgas cúraim ní mór do MIE déileáil le gach gearán mar ábhar tromchúiseach. Cuimsítear leis sin nósanna imeachta cuí a phlé agus atreoruithe tríd an bpróiseas.

7.22.4 Frithlíomhaintí

Déileálfar mar ghearán ar leithligh le haon fhrithlíomhain. De ghnáth, más cuid d'fhiosrúchán foirmiúil é, beifear ag súil go ndéanfar an fhrithlíomhain i scríobh. Bainfidh an nós imeachta foirmiúil thuas le gach gné den ghearán, agus fiosrófar an cás de réir an phróisis chéanna.

7.23 Glacadh Nótaí

Áit a nglactar nótaí faoi chásanna i ndáil le cur i bhfeidhm gné ar bith den bheartas seo, déileálfar go híogair le gach páirtí. Coimeádfar nótaí ar aon dul leis an dea-chleachtas GDPR[17]. Is gnách go nglacfar na nótaí ag duine éigin atá neamhspleách ar an ngearánaí agus ar an gciontóir líomhanta, coimeádfar na nótaí mar thaifead i gcomhad an ghearánaí go dtí

[16] Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn
[17] Féach ar Bheartas Príobháideachais MIE

go n-iarrfaidh an gearánaí go stiallfaí iad nó go mbeidh céim bainte ag an ngearánaí ón Institiúid[18]. Ag an gcéim sin ba cheart aon nótaí i gcomhad mic léinn a stialladh.

## 8 Freagracht

Is iad an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) atá freagrach as an mbeartas seo le haghaidh mac léinn a choimeád.

## 9 Cáipéisí Gaolmhara

9.1 An Beartas um Iontráil, Rochtain agus Aistriú

9.2 Tá an beartas seo leasaithe ó Bheartas Dínite agus Measa na Tríonóide. Tá an beartas sin bunaithe ar an reachtaíocht reachtúil agus ar bheartais lena gcosnaítear Dínit agus Meas:

9.2.1 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2011

9.2.2 Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012

9.2.3 An tAcht Míchumais, 2005

9.2.4 An tAcht um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005

9.2.5 Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe maidir le Bulaíocht ag an Obair a Chosc agus a Réiteach, 2007

9.2.6 An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) 2012

9.2.7 Cód Cleachtais an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) um Dhéileáil le Bulaíocht san Áit Oibre.

9.3 Ina theannta sin, breathnaíodh ar agus baineadh úsáid as na beartais seo a leanas agus an beartas á leasú:

9.3.1 Beartas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun Meas agus Dínit a Chur chun cinn trí Chiapadh nó Bulaíocht a Chosc

9.3.2 Beartas agus Nósanna Imeachta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath um Dhínit agus Mheas

9.3.3 Beartas Frithbhulaíochta na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

9.3.4 Beartas Choláiste Ollscoile Chorcaí um Dhualgas Meas agus Cheart chun Dínite

[18] Féach ar Sceideal Coinneála Taifead MIE

9.4 Rinneadh breithniú ar an mbeartas ag Comhairle Acadúil MIE, a chuimsíonn ionadaithe ar bhaill foirme, ar mhic léinn agus ar an gComhlacht Rialaithe

9.4.1 Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla

9.4.2 Cód Rialachais

9.4.3 Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE

9.5 An Beartas Smachta

9.6 Beartas Chóras na dTeagascóirí

9.7 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

9.8 An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

9.9 Próiseas Chúirt an Chéad Achomhairc

9.10 Próiseas Chúirt an Dara hAchomhairc

9.11 Treoirlínte maidir le Fianaise mar Thaca le hAchomharc Ad Misericordiam

## 10 Aguisín 1 – Gearánaithe – Eolas faoi Chiapadh agus Bhulaíocht a Láimhseáil Ciapadh

10.1 Má cheapann tú go bhfuil tú i d'ábhar bulaíochta / ciaptha, d'fhéadfadh go mbeadh an seicliosta seo a leanas ina chabhair Ina theannta sin, tá tuilleadh eolais sa chuid seo ar an difríocht idir modhanna réitigh a tháirgtear.

10.1.1 An bhfuil bulaíocht ag tarlú duit?

i. An bhfuil an iompraíocht neamhiarrtha agus neamhriachtanach?
ii. An mbíonn an iompraíocht maslach nó imeaglach?
iii. An mothaíonn tú leochaileach, faoi bhrú nó aonarach dá barr?
iv. An mbíonn éifeacht dhiúltach aige ar do chuid oibre nó staidéir?

10.1.2 Is féidir le duine aonair nó grúpa daoine a bheith i gceist le bulaíocht nó ciapadh. D'fhéadfadh go mbeifeá ag iarraidh an cás a phlé le ceann de na Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn atá liostaithe sa cháipéis seo. D'fhéadfadh go mbeadh sé deacair labhairt faoin iompraíocht neamhiarrtha nó gearán a dhéanamh. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh náire ort nó go mbeadh imní ort:

i. Nach gcreidfí thú;
ii. Nach bhfuil finnéithe agat nó go bhfuil finnéithe agat;
iii. Go bhfuil tú ag déanamh scéal mór d'eachtra a d'fhéadfadh go dtabharfaí eachtra 'fhánach' uirthi;
iv. Go bhfuil tú ag déanamh drochscéil níos measa;
v. Go mbeidh éifeachtaí aige ar do chuid oibre nó staidéir;
vi. Faoin tionchar ar dhaoine eile.

10.1.3 Is tábhachtach teacht thar an imní sin agus cabhair a lorg le cúrsaí a réiteach sula n-éireoidh siad níos measa.

10.1.4 Is féidir le bulaíocht agus ciapadh dul i bhfeidhm ar dhuine ar bith ach uaireanta is féidir leo tarlú áit a bhfuil cumhacht nó údarás ag an gciontóir líomhanta mar gheall ar aois nó sinsearach nó méid, mar shampla.

10.2 An gearánaí a chosaint ar íospairt

Déanfaidh MIE gach iarracht na páirtithe go léir atá i gceist a chosaint ar íospairt agus ar aon tionchar diúltach ar a gcuid staidéir/oibre laethúla. Iarrfar ar an té a bhfuil sé líomhanta go

ndearna siad an ciapadh teagmháil leat a sheachaint. Glactar leis go mbíonn idirghníomhú gairmiúil maidir le gnáthábhair oibre riachtanach le linn maidir le gnáthábhair oibre le linn an phróisis. Bítear ag súil go ngníomhóidh gach páirtí ar bhealach cúirtéiseach agus measúil.

10.3 Oiliúint agus comhairleacht

Féachfaidh MIE chuig oiliúint nó comhairleacht a chur ar fáil do gach páirtí a mheasann go mbainfidís leas aisti. Is minic maidir leis na daoine a mbíonn a n-iompraíocht ina cúis le fadhbanna, nach mbeadh siad ar an eolas faoi nó go mbeidís beag beann ar thionchar a gcuid gníomhartha agus is féidir le hoiliúint agus/nó comhairleacht cabhrú le hiompraíocht a athrú agus eachtraí a chosc amach anseo.

10.4 An próiseas Foirmiúil nó Neamhfhoirmiúil a roghnú

Tá roinnt pointí le tógáil san áireamh agus gearán á dhéanamh leagtha amach thíos. Is iad an gearánaí a dhéanann an cinneadh sa deireadh cibé acu go ndéanfaidh siad gearán foirmiúil nó neamhfhoirmiúil bíodh go bhfuil nó nach bhfuil comhairle faighte acu ó fhoinse mholta.

10.4.1 D'fhéadfadh go mbeifeá ag iarraidh na gnéithe seo a leanas a thógáil san áireamh:

i. Leibhéal an tionchair ort;
ii. Cibé acu an ciapadh gnéis atá i gceist;
iii. Cibé acu an bhfuil sé de nádúr leanúnach;
iv. Cibé acu an bhfuil sé ag éirí níos tromchúisí.

10.5 I gcás gearán tromchúiseach nó áit nach réitítear an fhadhb trí cheann amháin de chuir chuige an mhodha neamhfhoirmiúil, féadfar an próiseas foirmiúil gearán a úsáid.

10.6 Ina theannta sin, tá cuid de na difríochtaí idir na próisis leagtha amach thíos:

10.6.1 Neamhfhoirmiúil – 'Idirghabháil' atá i gceist leis seo go bunúsach, áit a dtugtar deis don bheirt pháirtithe an scéal (tionchar agus rún) a mhíniú i bpearsa nó trí ionadaí ar nós teagascóra. Próiseas rúnda atá anseo agus ní choimeádtar aon taifid i gcomhad.

10.6.2 Idirghabháil ionaid oibre – modh réitigh malartach ar leithligh atá anseo áit a n-aontaíonn an bheirt pháirtithe le próiseas na hidirghabhála. Ní choimeádtar nótaí scríofa ar chomhaid ceachtar páirtí. Cabhraíonn idirghabhálaí leis na páirtithe i ndíospóid le labhairt faoi na fadhbanna eatarthu agus, más mian leo teacht ar

chomhaontú atá sásúil don dá thaobh. Próiseas deonach faoi dhianrún atá i gceist leis.

10.6.3 Foirmiúil – Ní mór an gearán a chur isteach i scríobh chuig an gCláraitheoir nó an Bainisteoir, Acmhainní Daonna. Ceaptar beirt fiosraitheoirí chun an gearán a iniúchadh, agus féadfar finnéithe a ghairm. Má fhaightear go seastar leis an ngearán, coimeádtar taifid scríofa iomlána i gcomhad.

# 11 Aguisín 2 - Eolas d'Fhinnéithe

## 11.1 An cur chuige

i. Rachaidh fiosraitheoirí gearáin fhoirmiúil i dteagmháil leat i bpearsa nó i scríobh agus iarrfaidh siad ort freastal ar chruinniú leo (agus leo siúd amháin) ar dháta/ag am sonrach. Sonrófar ann de ghnáth go bhfuil tú ainmnithe ag MAC LÉINN X nó BALL FOIRNE X mar fhinné i ngearán.

ii. Ba cheart duit glacadh leis an iarratas seo, agus, mura bhfuil tú cinnte faoinar cheart duit a dhéanamh ina dhiaidh sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le ceann de na Seirbhísí Tacaíochta atá liostaithe sa bheartas seo.

## 11.2 Eolas faoi ghearán[19]:

Ní thabharfar mórán eolais don fhinné maidir le hábhar an ghearáin. Ní gheobhaidh tú eolas ach faoin eachtra a d'fhéadfadh go raibh tú i d'fhinné di. Go n-iarrfaí ort soiléiriú a thabhairt maidir le hábhar idirghníomhaithe. Ní thabharfar aon eolas duit faoi thoradh an cháis. Cé go bhféadfadh sé sin bheith ina ábhar frustrachais, is í an chúis leis ná rúndacht na bpáirtithe go léir atá rannpháirteach a chosaint.

## 11.3 Rúndacht

Beifear ag súil go gcoimeádfaidh tú faoi dhianrún gur finné tú chomh maith le hábhar an chruinnithe. Dá bharr sin, níor cheart duit é seo a phlé le duine ar bith le do pháirtithe ranga ná le do chomhghleacaithe ná leis an ngearánaí nó an té a bhfuil ciapadh líomhanta ina leith.

## 11.4 Cén fhianaise ar cheart dom a thabhairt?

[19]Féach ar An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn

Bí macánta le linn an phróisis. Ná tabhair ach fianaise a raibh tú féin i d'fhinné díreach uirthi, seachas aon rud gur chuala tú ó nó gur inis do pháirtithe ranga nó chomhghleacaithe eile duit. Murar féidir leat cuimhneamh go beacht ar na heachtraí, sonraigh é sin go soiléir.

11.5 An bhfuil ceart Ionadaíochta agam?

Cé nach roghnódh gach finné go mbeadh ionadaí orthu in imeachtaí, tá an ceart chun ionadaí ag gach duine sa phróiseas.

11.6 An bhfaighidh tú cóipeanna de mo chuid ráiteas?

Más mian leat, is féidir cóipeanna a fháil de na nótaí a glacadh le linn do chruinnithe leis na Fiosraitheoirí.

11.7 An dtugtar aon chosaint ar íospairt?

I gcás ball foirne nó mac léinn a thoilíonn bheith i láthair mar fhinné nó a bhfuil fianaise tugtha acu in imeachtaí, cosnaítear iad ar íospairt faoin mbeartas seo. Déanfar gach iarracht chun cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag do rannpháirtíocht sa phróiseas ort.

11.8 Cén tacaíocht a bhíonn ar fáil?

D'fhéadfadh go mbeadh sé strusmhar do bhaill foirne nó mhic léinn bheith rannpháirteach sa phróiseas seo. Más mian leat tacaíocht a lorg, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís ghairmiúil chuí. Labhróidh siad leat faoi na hábhair atá i gceist, féachfaidh siad chuig cabhrú leat teacht thar an strus, agus oibreoidh siad leat ar straitéis chun an t-ábhar a láimhseáil.

11.9 An gcoimeádfar an fhaisnéis seo i mo chomhad?

Ní choimeádfar aon fhaisnéis i do chomhad maidir le do rannpháirtíocht sa chás seo ach amháin má tá ról díreach agat ann e.g. mar ghearánaí nó duine a bhfuil ciapadh líomhanta ina leith.

## 12 Aguisín 3 - Eolas do Dhaoine a bhfuil Ciapadh Líomhanta ina leith

12.1 Tuigtear gur féidir leis bheith an-deacair do dhuine a gcuirtear bulaíocht agus/nó ciapadh ina leith. Tá eolas sa bheartas seo ar cheart go gcabhródh sé leat le do chuid ceart, freagrachtaí agus teidlíochtaí a thuiscint i gcás go dtarlódh a leithéid de rud duitse.

12.2 Cén chaoi a mbeidh a fhios agam má rinneadh gearán?

i. Is gnách go mbeidh roinnt mhaith ama caite ag mac léinn nó ball foirne ar chinneadh cibé acu an ceart gearán a dhéanamh agus cibé acu an bhfuil siad ag iarraidh é a chur ar aghaidh go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil.

ii. Bunaithe ar an gcinneadh sin, d'fhéadfadh go ndéanfaí teagmháil leat ar go leor bealaí. Mar shampla, má tá an tslí neamhfhoirmiúil roghnaithe ag duine, d'fhéadfadh go ndéanfadh an duine féin nó duine teagmhála mar theagascóir nó bhall foirne teagmháil leat. Míneoidh an duine teagmhála an ról atá acu agus an fhadhb atá tar éis a theacht chun cinn. D'fhéadfadh go mbeadh an gearánaí ag iarraidh cruinniú príobháideach leat chun an fhadhb a phlé go neamhfhoirmiúil in áit gearán foirmiúil a dhéanamh.

iii. Má dhéanann duine tacaíochta/teagascóir teagmháil leat, is gnách go gciallaíonn sé sin go bhféadfadh nár mhothaigh an gearánaí compordach le teagmháil dhíreach a dhéanamh leat leo féin. Mura gcuimhníonn tú ar an eachtra nó má mheasann tú nach raibh sé ceaptha le duine a mhaslú ba cheart duit é sin a phlé leis an duine tacaíochta/teagascóir. Is dóchúil go bpléifidh siad leat an tionchar a bhí ag an eachtra ar an ngearánaí (tá cuntas tugtha thuas ar éifeachtaí na bulaíochta agus an chiaptha). Tugann sé sin deis duit smaoineamh faoin eachtra/faoi na heachtraí agus iad a phlé leis an duine tacaíochta/teagascóir agus aontú ar chur chuige.

iv. Má dhéanann Fiosraitheoir teagmháil leat, is léir go bhfuil gearán foirmiúil déanta i scríobh ag an duine chuig an gCláraitheoir nó an mBainisteoir, Acmhainní Daonna. Más amhlaidh, gheobhaidh tú cóip den ghearán i scríobh. (Féach le do thoil ar na codanna faoi fhiosrú agus nós imeachta foirmiúil atá leagtha amach sa cháipéis seo.

12.3 Cé mhéid Rúndachta a bhíonn i gceist?

Bíonn rúndacht ríthábhachtach sa chás seo, chun gach páirtí a chosaint. Moltar duit gan labhairt faoin ábhar le haon duine seachas teagascóir nó comhghleacaí a bhfuil muinín agat astu.

12.4 Cá háit ar féidir liom comhairle agus tacaíocht a lorg?

Cuid thábhachtach den phróiseas é sin. Ar an gcéad dul síos is féidir leat dul i dteagmháil le teagascóir nó comhghleacaí. Is é ról an duine sin ná comhairle agus tacaíocht a thabhairt agus b'fhéidir ionadaíocht a dhéanamh ort.

12.5 An bhfuil ceart Ionadaíochta agam?

Le linn an phróiseas fiosraithe beidh tú i dteideal ionadaíochta e.g. teagascóir nó comhghleacaí.

12.6 Cad iad na gnáthrudaí ar cheart agus nár cheart a dhéanamh?

i. Ba cheart tacaíocht a lorg;
ii. Ba cheart aird a thabhairt ar an leibhéal strus a mhothaíonn tú agus cabhair a lorg;
iii. Ba cheart duit smaoineamh faoi na roghanna a thugtar duit e.g. an cur chuige neamhfhoirmiúil nó an cur chuige foirmiúil;
iv. Níor cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an ngearánaí, ach má bhaineann sé le hábhair ghairmiúla;
v. Níor cheart dul á phlé le daoine eile – cloígh le rúndacht

12.7 An gcosnófar ar íospairt mé?

Déanfaidh MIE gach iarracht na páirtithe go léir atá i gceist a chosaint ar íospairt agus ar aon tionchar diúltach ar a gcuid staidéir/oibre laethúla. Glactar leis go mbíonn idirghníomhú gairmiúil maidir le gnáthábhair oibre riachtanach le linn an phróisis. Bítear ag súil go ngníomhóidh gach páirtí ar bhealach cúirtéiseach agus measúil.

12.8 Cad é atá i gceist le céim an Fhiosrúcháin?

Ceapfar fiosraitheoir chun éisteacht leis an ngearán. Tabharfar cóip den ghearán duit agus tabharfar deis duit freagra iomlán a thabhairt. Iarrfar ort freagra a thabhairt i scríobh. D'fhéadfadh go reáchtálfaí cruinnithe chun an cás a shoiléiriú trí labhairt. Féach le do thoil ar an gcuid thíos faoi Fhiosrúchán le haghaidh tuilleadh eolais.

12.9 Cén fhaisnéis a choimeádfar i mo chomhad agus cé hiad na daoine a bheidh ar an eolas?

Ní choimeádfar aon ghearáin neamhfhoirmiúla i gcomhad. Má dhéantar gearán foirmiúil agus má sheastar leis an ngearán, coimeádfar cóipeanna de ghearáin, nótaí faoi chruinnithe, thorthaí etc. i do chomhad agus is féidir leat féin amháin rochtain a fháil orthu. Mura

sheastar leis an ngearán ní choimeádfar na nótaí go léir faoi chruinnithe, ghearáin etc. i do chomhad.

12.10 An nglacfar gníomh smachta i gcónaí?

Ní ghlacfar i gcónaí. Ní thugtar réamhbhreith ar chásanna. Reáchtálfar fiosrúchán iomlán agus ní thionscnófar nósanna imeachta smachta ach áit is cuí. Reáchtálfaidh duine eile seachas na fiosraitheoirí, den chuid is mó, an éisteacht smachta.

# 13 Aguisín 4 – Eolas faoi Idirghabháil

13.1 Tacaíonn MIE le húsáid na hidirghabhála mar mhodh malartach chun gearáin a réiteach. Próiseas neamhfhoirmiúil atá i gceist le hidirghabháil trína gcabhraíonn idirghabhálaí leis na páirtithe i ndíospóid le labhairt faoi na fadhbanna eatarthu agus, más mian leo teacht ar chomhaontú atá sásúil don dá thaobh. Próiseas deonach atá i gceist agus ní mór go mbeadh an bheirt pháirtithe sásta páirt a ghlacadh inti agus go n-aontódh siad le ceapadh eadránaí. Má aontaíonn na páirtithe leis an gcur chuige sin, ceapfaidh MIE idirghabhálaí neodrach agus neamhchlaonta, a mbeidh an bheirt pháirtithe sásta leo, chun an próiseas a éascú. Eadránaí oilte a bheidh sa duine a cheapfar.

13.2 Cad é ról an idirghabhálaí?

13.2.1 Bíonn go leor feidhmeanna ag an idirghabhálaí:

i. Na téarmaí tagartha a shocrú leis na páirtithe agus socrú go síneofaí iad;
ii. Na cruinnithe agus na hionaid a shocrú;
iii. Timpeallacht a chur ar fáil áit gur féidir le mic léinn agus baill foirne na ceisteanna atá idir lámha a phlé ar bhealach oscailte gan deacracht;
iv. An plé a éascú;
v. Na páirtithe a éascú chun aontú ar na ceisteanna atá le plé agus teacht ar réitigh;
vi. Eadráin a dhéanamh leis na páirtithe chun teacht ar réiteach;
vii. Rúndacht a choimeád.

13.2.2 Ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí réiteach agus ní dhéanfaidh siad cinntí ar son an rannpháirtí. Duine neamhspleách agus neodrach atá san idirghabhálaí agus ní ghabhfaidh siad le ceachtar taobh, mar go mbíonn an t-eadránaí i gceannas ar an bpróiseas seachas an toradh.

13.3 Cad é Ról na bpáirtithe eile?

Toiliú páirt a ghlacadh san idrighabháil agus an conradh/na téarmaí tagartha a shíniú, seo a leanas a dhéanfaidh rannpháirtithe:

i. Glacfaidh siad páirt iomlán sa phróiseas chun an fhadhb/na fadhbanna a thuiscint go hiomlán agus déanfaidh siad iarracht cheart teacht ar réiteach ar féidir le gach duine glacadh leis;

ii. Beidh siad chomh hoscailte agus is féidir le linn na seisiún idirghabhála;
iii. Tabharfaidh siad eolas áit is gá chun an próiseas a bhogadh ar aghaidh;
iv. Oibreoidh siad leis an ngearánaí;
v. Coimeádfaidh siad rúndacht.

13.4 Cén chaoi a n-oibríonn an próiseas?

Seo a leanas na céimeanna atá i gceist:

i. Tarlaíonn eachtra/Tagann fadhb chun cinn;
ii. Téann an mac léinn nó an ball foirne i dteagmháil le teagascóir/comhghleacaí, agus d'fhéadfadh go molfaí eadráin;
iii. Déantar pé faoi eadránaí cuí a cheapadh;
iv. Déantar cinneadh faoi cén duine a thabharfaidh fógra don pháirtí eile;
v. Socraítear an idirghabháil i gcomhairle leis an gciontóir líomhanta.

13.5 Cá háit a reáchtáiltear na cruinnithe?

Is gá na cruinnithe a reáchtáil in áit chiúin, phríobháideach.

13.6 Cad é an t-amfhráma?

13.6.1 Ón am a thoilíonn an bheirt pháirtithe páirt a ghlacadh in idirghabháil ba cheart an chéad chruinniú a shocrú chomh tapa agus is féidir. Braitheann sé seo ar sceidil ach meastar gur amfhráma réasúnta a bheadh i gceist le laistigh de dhá sheachtain.

13.6.2 Is féidir le seisiúin idirghabhála maireachtáil idir 1.5 uair an chloig agus 3 huaire an chloig, agus d'fhéadfadh go reáchtálfaí suas le 3 sheisiún, ag brath ar chastacht na ndeacrachtaí.

13.6.3 Áit a mbaineann, pléifidh an t-idirghabhálaíí leis na páirtithe is gá e.g. Cláraitheoir nó Bainisteoir, Acmhainní Daonna conas is féidir asláithreacht ó léachtaí/dhualgas le linn eadrána a shocrú gan rúndacht a shárú.

13.7 An dearbhaítear rúndacht?

13.7.1 Bíonn ábhair a phléitear sa phróiseas faoi rún agus 'gan dochar' agus aontaíonn na rannpháirtithe gan cur ar an idirghabhálaí aon ábhair a nochtadh a pléadh san idrighabháil i bhfóram ar bith eile lena n-áirítear éilimh dhlíthiúla.

13.7.2 Ní mór do rannpháirtithe cloí le rúndacht maidir le gach ábhar a phléitear le linn idirghabhála.

13.7.3 Aontóidh na páirtithe go léir ar aon torthaí nó nótaí scríofa.

13.7.4 Ní choimeádfar aon fhaisnéis faoi idirghabháil ar thaifead an duine ach amháin má aontaíonn na páirtithe go ndéanfaí sin.

13.8 An dtugtar aiseolas?

Ní thugtar aon aiseolas do MIE seachas an t-eolas gur aimsíodh / nár aimsíodh réiteach eadránaithe. Ó am go chéile d'fhéadfadh go measfadh páirtithe gur gá aiseolas a thabhairt do dhuine eile (teagascóir/comhghleacaí) faoi ábhair shonracha a thagann chun cinn le linn eadrána. Ba cheart é sin a phlé agus aontú air sa phróiseas eadrána.

13.9 Toradh – cad a tharlaíonn mura dtagtar ar réiteach?

Mura dtagtar ar réiteach fágtar faoi na páirtithe cinneadh a dhéanamh faoin gcur chuige a ghlacfaidh siad ansin. Féadfaidh siad aontú an t-ábhar a fhágáil i leataobh, é a ardú mar chasaoid nó trí bheartais eile na hInstitiúide. Dhéanfaí sin tríd an gCeann Roinne.

13.10 Costas

Ní bhíonn costas ar bith le híoc ag na mic léinn nó na baill foirne a ghlacann páirt san idirghabháil.

## 14 Aguisín 5 - Foinsí Cabhrach

Foinsí Cabhrach - Tá na foinsí cabhrach seo a leanas ar fáil duit:

Le haghaidh Mac Léinn

14.1 Do Theagascóir[20]

i. Is dóchúil gur casadh do theagascóir ort le linn do Chlár Ionduchtúcháin.
ii. Mura bhfuil tú cinnte cé hiad do theagascóir, seol ríomhphost le do thoil chuig Registrars@mie.ie.

14.2 An Cláraitheoir (01 805 7722 nó 7722 ar ghutháin inmheánacha nó Registrars@mie.ie)

[20] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

14.3 An Cláraitheoir Cúnta (01 853 5133 nó 5133 ar ghutháin inmheánacha nó shauna.cassidy@mie.ie)

14.4 An tSeirbhís Chomhairleoireachta do Mhic Léinn, marinocounselling@mie.ie , (Seirbhís Chomhairleoireachta na Tríonóide, 01 896 1407, student-counselling@tcd.ie)